John Looby SJ

JOHN SULLIVAN: FEAR URNAÍ

Is mó a chuaigh naofacht shimplí John Sullivan i gcion ar a lán daoine, na céadta b'fhéidir, a bhí ag iarraidh teacht air lena bheatha agus a d'inis scéalta iontacha faoi ná na cumhachtaí míorúilteachais a chreid siad a bheith aige. Chreid siad go docht daingean go mba naomh é. Seans gur tharla sé sin ar bhealach i ngeall ar é a bheith gafa leis an saol eile agus laghad a spéise ina chompord féin. Ach measaim gurb é gur aithin siad é mar fhear urnaí.

Fiú ó thosach a thréimhse i gCluain Ghabhann nuair a tháinig daoine chun faoistine chuige ar dtús, thug a ghuí os a gcionn síocháin d'anamnacha a bhí buartha. Níorbh fhada go raibh a gcuid gaolta a bhí tinn agus buartha á dtabhairt chuige i gcairteacha capaill nó b'fhéidir i ngluaisteán. Rinne sé guí os a gcionn i gcónaí. Ina dhiaidh sin agus na heasláin go dona tinn agus ag fáil bháis, thaistil sé i bhfad ar a rothar guagach nó shiúil sé na bóithre fiáine portaigh. Agus é ag síorghuí. Smaoiním i gcónaí ar bhean rialta óg a gortaíodh i dtimpiste agus a raibh droch-bhail uirthi tar éis teasctha, agus fiabhras agus rámhaille uirthi. Ar 11.00 am fuair sé litir ag iarraidh air cuairt a thabhairt uirthi. Bhí an t-ospidéal fiche míle slí uaidh ach bhain sé amach é go luath sa tráthnóna. Go dtí seomra an tinnis a chuaigh sé go díreach áit a ndeachaigh sé ar a ghlúine láithreach mar ba ghnách leis, gan taca ar bith, agus rinne guí. Níor tháinig aon athrú ar bhail na mná rialta go ceann tamaill sách fada. Ansin chuaigh an rámhaille i léig, chuaigh an suaitheadh chun suaimhnis, agus chodail sí go sámh. D'éalaigh an tAthair Sullivan leis. D'aimsigh a rothar agus d'imigh gan a throscadh a bhriseadh. Bhain sé Cluain Ghabhann amach in am do chruinniú de Chuallacht na Maighdine Muire ar 8.00 pm.

Ba phatrún é misean úd na trócaire a tharla arís agus arís eile le linn na mblianta. Bhain práinn leis an nglao i gcónaí, ba mhinice iad ó dhaoine nach raibh aithne aige orthu. Ach bhain guais lena riocht i gcónaí. Níor eitigh sé riamh iad. Bhí an chuma air go ndeachaigh achainíocha uathu siúd a raibh an-chion acu ar an bhfulangaí agus a mbeadh a saol bánaithe á n-oireasa i gcion air go mór mór. Is cuimhin liom go háirithe máthair ochtar leanaí óga sa Nás ar dúradh fúithi nach bhféadfadh na dochtúirí í a tharrtháil. Nuair a chuala a fear céile an drochscéal thiomáin sé go dtí Cluain Ghabhann ar an toirt agus

'Níorbh eol dúinn go dtí gur tháinig duine éigin ar ais go déanach san oíche nó go moch ar maidin agus go bhfacthas solas lasta go bhféadfadh sé an oíche uile a chaitheamh i mbun na paidreoireachta.'

thug an tAthair Sullivan chuig colbha leaba a mhná. Rinne an sagart guí uirthi, tháinig biseach uirthi agus mhair sí le bheith i láthair ag aistriú a choirp go dtí Séipéal Naomh Proinsias Xavier i Sráid Ghardanar i mBaile Átha Cliath in 1960. Chuir an t-aistriú sin cumha ar mhuintir na comharsanachta ach ba shólás dóibh go raibh a naomh ionúin féin ag druidim níos gaire do bheith ainmnithe ina naomh.

Meabhraíonn cuntas eile dúinn nár ghá go mbeadh an leigheas mar ghnáthrud ach nár theip riamh ar fhocal an tsóláis. An uair seo ba é Peadar ab ainm don fhear tinn agus bhí a bhean ag súil le páiste. Bhí amach is isteach le scór comharsa bailithe istigh sa teaichín a bhí thart ar mhíle ó Chluain Ghabhann. Tháinig an tAthair Sullivan a luaithe agus a cuireadh fios air agus chuaigh ar a ghlúine láithreach le taobh na leapa. Labhair sé leis an othar, ghuigh in éineacht leis ar feadh breis is uair an chloig sular éirigh ina sheasamh. Dúirt sé le bean an tí gan imní a bheith uirthi de bhrí go raibh a fear céile chun bás a fháil, 'mar,' a dúirt sé, 'tá sé sábhailte. Beidh sé sna flaithis sula mbeidh mise leathslí go dtí Cluain Ghabhann'. Sula raibh leathmhíle siúlta ag an sagart bhí Peadar tar éis bás a fháil, bíodh nach raibh súil ag éinne go n-imeodh sé chomh tobann sin. Ní raibh níos mó le déanamh ag an Athair Sullivan. Chuala sé, mar a chreid sé, teachtaireacht Dé á rá leis, an lá seo féin – ní hea, an uair seo – beidh sé im fhochair i bParrthas.

Tuigeann tú i gcomhthéacs na n-imeachtaí seo cén fáth ar thug John Sullivan 'an chumhacht is mó ar domhan' ar an bpaidreoireacht. Ach ní chuireann siad san áireamh na huaireanta gan áireamh a chaith sé le linn na hoíche agus é ag guí. Ba é sin an taobh príobháideach dá shaol agus níorbh eol dúinn go dtí gur tháinig duine éigin ar ais go Cluain Ghabhann go déanach san oíche nó go moch ar maidin agus go bhfacthas solas lasta, go raibh sé fós ag guí sa séipéal agus go bhféadfadh sé an oíche uile a chaitheamh i mbun na paidreoireachta. Daoine a chonaic é ag guí labhair siad arís is arís eile ar dhéine John Sullivan agus Turas na Croise á ghuí aige. B'fhacthas dóibh go ndeachaigh sé isteach go pearsanta i bpáis Chríost. Bhí an chuma air gur ghlac sé le bunbhrí Chríost nuair a dúirt sé 'Lorgaígí agus aimseoidh sibh, cnag agus osclófar daoibh'. Seans maith gur lean sé dá chuid paidreacha impíocha an lá dár gcionn le hais leaba duine éigin a bhí ag fulaingt. Chreid sé gur sheas Críost lena fhocal. Nach in an rud a dhéanann naomh!

Foclóirín: teascadh = *obráid chun géag duine a bhaint*; níor eitigh = *níor dhiúltaigh*; guais = *priacal, contúirt*.